2025/1408

14.7.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/1408 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Iúil 2025

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 974/98 a mhéid a bhaineann le tabhairt isteach an euro sa Bhulgáir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 140(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 974/98 ón gComhairle ([2]) déantar foráil maidir leis an euro a chur in ionad airgeadraí na mBallstát a chomhlíon na coinníollacha is gá chun an euro a ghlacadh tráth a tháinig an Comhphobal isteach sa tríú céim den Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 5 d'Ionstraim Aontachais 2005, beidh an Bhulgáir rannpháirteach san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta ó dháta an aontachais mar Bhallstát a bhfuil maolú aige de réir bhrí Airteagal 139(1) den Chonradh.

(3) De bhun Chinneadh (AE) 2025/1407 ón gComhairle ([3]) , comhlíonann an Bhulgáir na coinníollacha is gá chun an euro a ghlacadh agus tá an maolú maidir leis an mBulgáir le haisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2026.

(4) Le tabhairt isteach an euro sa Bhulgáir, ní mór na forálacha atá ann cheana maidir le tabhairt isteach an euro a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 974/98, ní mór iad a leathnú chun an Bhulgáir a chumhdach.

(5) Le Plean Náisiúnta na Bulgáire um an Aistriú go dtí Euro sonraítear gur cheart nótaí bainc agus boinn euro a bheith ina ndlíthairiscint sa Bhallstát sin an lá a thabharfar an euro isteach mar airgeadra na tíre. Dá bhrí sin, is é an 1 Eanáir 2026 an dáta a ghlacfar an euro agus an dáta a aistreofar an t-airgead tirim. Níor cheart feidhm a bheith ag aon tréimhse 'céimnithe amach'.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 974/98 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 974/98, cuirtear an iontráil seo a leanas idir an iontráil le haghaidh na Beilge agus an iontráil le haghaidh na Gearmáine:

'an Bhulgáir	An 1 Eanáir 2026	An 1 Eanáir 2026	Uimh.'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2026.

([1]) Tuairim an 2 Iúil 2025 (IO C, C/2025/3948, 10.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3948/oj).
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 974/98 ón gComhairle an 3 Bealtaine 1998 maidir le tabhairt isteach an euro (IO L 139, 11.5.1998, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1998/974/oj).
([3]) Cinneadh (AE) 2025/1407 ón gComhairle an 8 Iúil 2025 maidir le glacadh an euro ag an mBulgáir an 1 Eanáir 2026 (IO L, 2025/1407, 14.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1407/oj).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Iúil 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. LOSE